C/2024/3389

27.5.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11410 — HEDIN MOBILITY / IVECO SWEDEN / IVECO DENMARK / IVECO FINLAND / IVECO NORGE)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/3389)

1. An 16 Bealtaine 2024 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]) agus tar éis tarchur de bhun Airteagal 4(5) den Rialachán sin.

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Hedin Mobility Group AB ('Hedin Mobility', an tSualainn), agus

— Iveco Sweden AB (an tSualainn), Iveco Danmark A/S (an Danmhairg), Iveco Finland OY (an Fhionlainn), agus Iveco Norge Trucks AS (an Iorua) (i gcomhpháirt, 'Sprioc-chuideachtaí'), atá faoi úinéireacht iomlán Iveco Group N.V. ('Iveco', an Ísiltír).

Gheobhaidh Hedin Mobility rialú, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar chodanna de na Sprioc-chomhlachtaí.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá Hedin Mobility gníomhach go príomha in allmhairiú agus scaipeadh feithiclí nua agus úsáidte (lena n-áirítear gluaisteán paisinéirí agus feithiclí tráchtála éadroma), páirteanna spártha agus boinn, agus i léasú agus cíos gearrthéarmach feithiclí, lena n-áirítear sa Danmhairg, san Fhionlainn, san Iorua agus sa tSualainn. Is fochuideachta de Hedin Group AB é Hedin Mobility ,

— Is dáileoirí miondíola agus mórdhíola ar lánúinéireacht iad na Sprioc-chuideachtaí de chuid Iveco Group sa Danmhairg, san Fhionlainn, san Iorua, sa tSualainn, atá gníomhach i ndíol feithiclí tráchtála éadroma, leoraithe meánmhéide agus leoraithe troma, i ndíol páirteanna spártha, agus i seirbhísiú feithiclí tráchtála.

3.Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11410 — HEDIN MOBILITY / IVECO SWEDEN / IVECO DENMARK / IVECO FINLAND / IVECO NORGE

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').